BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Deichiú Dlísheomra)

21 Samhain 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhfhogasú reachtaíochta – Sonraí oscailte agus faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid – Treoir (AE) 2019/1024 – Airteagal 1 – Raon feidhme – Airteagal 2 – An coincheap 'athúsáid' doiciméad – Ceart rochtana ar dhoiciméid atá i seilbh comhlachta earnála poiblí)

I gCás C-336/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Visoki upravni sud (an Chúirt Achomhairc Riaracháin, an Chróit), trí bhreith an 25 Bealtaine 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 26 Bealtaine 2023, sna himeachtaí

HP – Hrvatska pošta d.d.

v

Povjerenik za informiranje,

idiragraí:

STAS d.o.o.,

BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Deichiú Dlísheomra)

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: D. Gratsias (Rapóirtéir), Uachtarán an Dlísheomra, I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra agus Z. Csehi, Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: P. Pikamäe,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Povjerenik za informiranje, ag Z. Pičuljan, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na Cróite, ag G. Vidović Mesarek, i gcáil Gníomhaire,

* Teanga an cháis: an Chróitis.

– Rialtas na Seice, ag J. Očková, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hOstaire, ag A. Posch agus J. Schmoll, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag U. Małecka, M. Mataija agus G. Meessen, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 1(2) agus Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019, maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO 2019 L 172, lch. 56).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir HP – Hrvatska pošta d.d. ('HP') agus Povjerenik za informiranje (an Coimisinéir Faisnéise, an Chróit) maidir le hiarraidh ar fhaisnéis arna déanamh ar HP, lena n-iarrtar, *inter alia*, conarthaí foirgníochta, deimhnithe íocaíochta eatramhaí, agus dearbhuithe aistrithe agus glactha oibreacha a nochtadh.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

3 Leagtar an méid seo a leanas amach in Aithrisí 9, 13, 23 agus 70 de Threoir 2019/1024:

'(9) Is iontach go deo an fhoinse sonraí í faisnéis ón earnáil phoiblí, sonraí a dtig leo a bheith ina gcuidiú chun an margadh inmheánach a fheabhsú agus feidhmchláir nua a cheapadh do thomhaltóirí agus d'eintitis dhlíthiúla. Ach úsáid chliste a bhaint as sonraí, lena n-áirítear iad a phróiseáil le feidhmchláir intleachta saorga, is féidir tionchar claochlaitheach a imirt ar gach cuid den gheilleagar.

[...]

(13) Ar na príomhaidhmeanna atá le bunú an mhargaidh inmheánaigh, tá dálaí a chruthú atá fabhrach d'fhorbairt seirbhísí agus táirgí ar fud an Aontais agus laistigh de na Ballstáit. I dtaca le faisnéis ón earnáil phoiblí nó faisnéis a bhailítear, a tháirgtear, a atáirgtear, agus a scaiptear agus cúram poiblí nó seirbhís phoiblí is suim le cách á chur i gcrích, is bunábhar tábhachtach an méid sin ag táirgí agus seirbhísí a úsáideann inneachar digiteach, agus is mó a bheidh a dtábhacht mar acmhainn don inneachar i ngeall ar an bhforbairt atáthar a dhéanamh ar na hardteicneolaíochtaí digiteacha, amhail an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte, agus [I]dirlíon na rudaí nithiúla. [...]

[...]

(23) […] Leagtar síos sa Treoir seo go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit gach doiciméad arb ann dó a dhéanamh in-athúsáidte ach amháin má tá rochtain orthu srianta nó coiscthe faoi na rialacha náisiúnta maidir le rochtain ar dhoiciméid nó faoi réir na n-eisceachtaí eile a leagtar síos sa Treoir seo. Is forbairt í an Treoir seo ar na córais rochtana arb ann dóibh sna Ballstáit agus ní athróidh sí na rialacha náisiúnta maidir le rochtain ar dhoiciméid. Níl feidhm aici sna cásanna nach féidir le saoránaigh nó le heintitis dhlíthiúla, faoin gcóras rochtana ábhartha, doiciméad a fháil mura bhfuil siad in ann a léiriú go bhfuil leas ar leith acu ann. […] Ba cheart comhlachtaí na hearnála poiblí a spreagadh le haon doiciméad atá ina seilbh a chur ar fáil lena athúsáid. […]

[…]

(70) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon cruthú táirgí agus seirbhísí faisnéise uile-Aontais bunaithe ar dhoiciméid ón earnáil phoiblí a éascú, úsáid éifeachtach trasteorann doiciméad ón earnáil phoiblí a áirithiú, ar thaobh amháin ag gnóthlachtaí príobháideacha, go háirithe [fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)], le haghaidh táirgí agus seirbhísí faisnéise breisluacha, agus ar an taobh eile ag saoránaigh chun saorchúrsaíocht faisnéise agus cumarsáide a éascú, a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr raon feidhme uile-Aontais na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den [CAE]. […]'

4 Foráladh le hAirteagal 1 den Treoir sin dar teideal 'Ábhar agus raon feidhme', mar seo a leanas:

'(1) D'fhonn úsáid sonraí oscailte a chur chun cinn agus nuálaíocht i dtáirgí agus i seirbhísí a spreagadh, leagtar síos leis an Treoir seo sraith de rialacha íosta lena rialaítear an athúsáid agus na socruithe praiticiúla chun an athúsáid a éascú maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) doiciméid arb ann dóibh atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí na mBallstát;

(b) doiciméid arb ann dóibh atá i seilbh gnóthas poiblí atá:
(i) ag gníomhú sna réimsí a shainítear i dTreoir 2014/25/AE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 ar sholáthar trí aonáin a oibríonn sna hearnálacha uisce, fuinnimh, iompair agus poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO 2014 L 94, lch. 243)];

[…]

(c) sonraí taighde, de bhun na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10.

(2) Níl feidhm ag an Treoir seo maidir leis na nithe seo a leanas:

[…]

(b) doiciméid atá i seilbh gnóthas poiblí:
(i) a táirgeadh lasmuigh den scóip a bhaineann le soláthar seirbhísí leasa ghinearálta mar a shainítear sin sa dlí nó i rialacha ceangailteacha eile sa Bhallstáit;
(ii) a bhaineann le gníomhaíochtaí atá go díreach faoi lé iomaíochta agus, dá bhrí sin, de bhun Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, nach bhfuil faoi réir rialacha soláthair;

[...]

(d) doiciméid, amhail sonraí íogaire, a bhfuil cosc ar rochtain orthu de bhua na gcóras rochtana sna Ballstáit, lena n-áirítear na forais seo a leanas:
(i) cosaint na slándála náisiúnta (eadhon, slándáil an Stáit), cosaint, nó an tslándáil phoiblí;
(ii) rúndacht staidrimh;
(iii) rúndacht tráchtála (lena n-áirítear rúin ghnó, ghairmiúla nó chuideachta);

[...]

(f) doiciméid a bhfuil an rochtain orthu srianta de bhua na gcóras rochtana sna Ballstáit, lena n-áirítear cásanna ina gcaithfidh na saoránaigh nó na heintitis dhlíthiúla a chruthú go bhfuil leas ar leith acu i ndoiciméid chun rochtain a fháil orthu;

[...]

(3) Is forbairt í an Treoir seo ar chórais rochtana an Aontais agus ar chórais rochtana náisiúnta, agus ní dochar í dóibh.

[...]

(7) Leis an Treoir seo rialaítear athúsáid doiciméad arb ann dóibh atá i seilbh chomhlachtaí earnála poiblí agus ghnóthais phoiblí na mBallstát [...]'

5 Is é seo a leanas atá in Airteagal 2 de Threoir 2019/1024, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críche na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "comhlacht earnála poiblí" an Stát, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí a rialaítear leis an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó roinnt údarás den sórt sin nó comhlacht amháin nó roinnt comhlachtaí den sórt sin a rialaítear leis an dlí poiblí;

(2) ciallaíonn "comhlachtaí a rialaítear leis an dlí poiblí" comhlachtaí ag a bhfuil na tréithe uile seo a leanas:
(a) bunaítear iad leis an gcuspóir sonrach riachtanais leasa ghinearálta a chomhlíonadh, nach bhfuil carachtar tionsclaíoch ná tráchtála aige;
(b) tá pearsantacht dhlítheanach acu; agus
(c) tá siad á maoiniú, den chuid is mó, ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla, nó ag comhlachtaí eile a rialaítear leis an dlí poiblí; nó tá siad faoi réir maoirseacht bainistíochta ag na húdaráis nó na comhlachtaí sin; nó tá bord riaracháin, bainistíochta nó faireacháin acu, a bhfuil níos mó ná leath dá chomhaltaí ceaptha ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla nó ag comhlachtaí eile a rialaítear leis an dlí poiblí;

(3) ciallaíonn "gnóthas poiblí" aon ghnóthas atá gníomhach sna réimsí a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 1(1) a bhféadfaidh comhlachtaí earnála poiblí tionchar ceannasach a imirt go díreach nó go hindíreach air de bhua a n-úinéireachta air, a rannpháirteachais airgeadais ann, nó na rialacha lena rialaítear é. Measfar go bhfuil tionchar ceannasach á imirt ag na comhlachtaí earnála poiblí in aon cheann de na cásanna inar fíor an méid seo a leanas maidir leis na comhlachtaí sin, go díreach nó go hindíreach:

(a) tá formhór de chaipiteal suibscríofa an ghnóthais acu;
(b) rialaíonn siad, go díreach nó go hindíreach, formhór na vótaí a ghabhann leis na scaireanna arna n-eisiúint ag an ngnóthas;
(c) is féidir leo níos mó ná leath de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an ghnóthais a cheapadh.

[...]

(6) ciallaíonn "doiciméad":
(a) aon inneachar gan beann ar an meán (ar pháipéar, i bhfoirm leictreonach nó mar thaifead fuaime, físe nó closamhairc); nó
(b) aon chuid d'inneachar den sórt sin;

[...]

(11) ciallaíonn "athúsáid" an úsáid a bhaineann daoine nó eintitis dhlíthiúla as doiciméid atá i seilbh:
(a) chomhlachtaí earnála poiblí, chun críocha tráchtála nó neamhthráchtála seachas an cuspóir tosaigh a bhí ann laistigh den chúram poiblí ar táirgeadh na doiciméid chuige, diomaite de mhalartú doiciméad idir comhlachtaí earnála poiblí chun a gcúraimí poiblí a shaothrú agus chuige sin amháin; nó
(b) ghnóthais phoiblí, chun críocha tráchtála nó neamhthráchtála seachas an cuspóir tosaigh maidir le seirbhísí leasa ghinearálta a chur ar fáil ar táirgeadh na doiciméid chuige, diomaite de mhalartú doiciméad idir gnóthais phoiblí agus comhlachtaí earnála poiblí chun na cúraimí poiblí atá ar chomhlachtaí earnála poiblí a shaothrú agus chuige sin amháin.

[...]'

Dlí na Cróite

6 Foráiltear in Airteagal 5 den zakon o pravu na pristup informacijama (Dlí maidir leis an gceart rochtana ar fhaisnéis) (*Narodne novine*, br. 25/13, 85/15 agus 69/22, 'An Dlí maidir le rochtain ar fhaisnéis'):

'Beidh an bhrí seo a leanas leis na téarmaí leithleacha sa Dlí seo:

[...]

(2) Ciallaíonn "údaráis phoiblí" comhlachtaí riaracháin Stáit, comhlachtaí eile Stáit, aonaid údaráis áitiúla agus réigiúnacha, daoine dlítheanacha agus eintitis eile a fheidhmíonn cumhachtaí poiblí, daoine dlítheanacha arna mbunú ag Poblacht na Cróite nó ag aonad údaráis áitiúil agus réigiúnach, daoine dlítheanacha a shaothraíonn cúram poiblí, daoine dlítheanacha a mhaoinítear, faoi fhorálacha ar leithligh, go príomha nó go hiomlán ó bhuiséad an Stáit nó ó bhuiséid aonad údaráis áitiúil agus réigiúnach, is é sin le rá ó chistí poiblí (cánacha, táillí etc.), agus freisin ó chuideachtaí tráchtála ina bhfuil scairshealbhú tromlaigh ag Poblacht na Cróite agus ag aonaid údaráis áitiúla agus réigiúnacha, ar bhonn aonair nó i gcomhpháirt;

[...]

(5) Ciallaíonn “ceart rochtana ar fhaisnéis” an ceart atá ag úsáideoir faisnéis a iarraidh agus a fháil, agus freisin an oibleagáid atá ar údarás poiblí rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis a iarradh, is é sin le rá faisnéis a fhoilsiú beag beann ar an iarraidh a rinneadh, nuair is oibleagáid a leagtar síos sa dlí nó i rialacha eile is cúis leis an bhfoilsiú sin;

(6) Ciallaíonn “athúsáid” úsáid faisnéise, ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, atá i seilbh údaráis phoiblí chun críocha tráchtála nó neamhthráchtála seachas an cuspóir tosaigh dár gineadh an fhaisnéis, agus a tharlaíonn laistigh de raon feidhme na ngníomhaíochtaí nó na gcúraimí a mheastar go ginearálta gur cúraimí poiblí iad, mar a shainmhínítear sa dlí nó i rialacha eile. Ní athúsáid a bheidh sa mhalartú faisnéise idir údaráis phoiblí i saothrú cúraimí laistigh de raon feidhme a ngníomhaíochtaí;

[...]’

7 Foráiltear le hAirteagal 15 den Dlí sin, atá i gCaibidil IV de, dar teideal ‘Srianta ar an gceart rochtana ar fhaisnéis’:

‘[...]

(2) Féadfaidh údaráis phoiblí srian a chur ar rochtain ar fhaisnéis:

[...]

2. más rúin ghnó nó ghairmiúla atá san fhaisnéis, i gcomhréir leis an dlí;

[...]

(4) Féadfaidh údaráis phoiblí srian a chur ar rochtain ar fhaisnéis:

1. má tá an fhaisnéis á tarraingt suas laistigh d’údarás poiblí amháin nó níos mó, agus dá bhfoilseofaí í sula gcuirfí an fhaisnéis iomlán agus deiridh ar fáil, d’fhéadfaí cur isteach go mór ar phróiseas a táirgthe;

[...]

(8) Féadfar rochtain ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4(1) den Airteagal seo a shrianadh freisin tar éis don fhaisnéis a bheith curtha i gcrích, go háirithe más rud é go gcuirfeadh an foilsiú sin isteach go mór ar an bpróiseas cinnteoireachta agus ar an léiriú tuairimí nó go mbeadh míthuiscint ar ábhar na faisnéise mar thoradh air, ach amháin i gcás ina bhfuil leas sáraitheach poiblí ann i bhfoilsiú na faisnéise.

[...]’

8 Faoi Airteagal 27 den Dlí maidir leis an gceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis, atá mar chuid de Chaibidil VI de, dar teideal ‘Athúsáid faisnéise’:

‘[...]

(2) Cuirfidh údarás poiblí ar chumas úsáideoirí rochtain a fháil ar shonraí oscailte agus faisnéis a athúsáid trí fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí a bheidh oiriúnach lena hathúsáid nó ar bhonn iarrataí ar athúsáid.

[...]

(5) Chun críche athúsáide, ní bheidh sé d'oibleagáid ar údaráis phoiblí faisnéis nó codanna di a ghiniúint agus a oiriúnú má éilíonn sé sin tomhaltas díréireach ama nó acmhainní; ná ní fhéadfar a cheangal ar údarás poiblí an fhaisnéis a nuashonrú, a fheabhsú nó a stóráil chun críche athúsáide.

[...]'

9 Foráiltear le hAirteagal 29 den Dlí maidir le rochtain ar fhaisnéis, dar teideal 'Iarraidh ar fhaisnéis a athúsáid agus cearta úsáideoirí a chosaint':

'(1) In iarraidh ar athúsáid faisnéise, ní mór don iarratasóir, i dteannta na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(3) den Dlí seo, an fhaisnéis is mian leis nó léi a athúsáid a lua, an fhoirm agus an bealach inar mian leis nó léi ábhar na faisnéise arna hiarraidh a fháil, agus freisin an cuspóir atá le húsáid na faisnéise (cuspóir tráchtála nó neamhthráchtála).

(2) Ní bheidh ceangal ar na heintitis seo a leanas an tAirteagal seo a chomhlíonadh:

[...]

2. cuideachtaí tráchtála ina bhfeidhmíonn Poblacht na Cróite nó aonad údaráis áitiúil nó réigiúnach, nó a bhféadfadh tionchar ceannasach a bheith acu, go díreach nó go hindíreach, de bhua a húinéireachta ar chuideachta den sórt sin, a rannpháirtíochta airgeadais inti nó na rialacha lena rialaítear a gníomhaíochtaí, agus:

– gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann leis na hearnálacha gáis agus teasa, leictreachais, bainistithe uisce, seirbhísí iompair, aerfort, calafort mara agus abhann, seirbhísí poist, eastóscadh ola agus gáis, agus taiscéalaíocht nó eastóscadh guail nó breoslaí soladacha eile, i gcomhréir leis an dlí lena rialaítear soláthar poiblí,

[...]

(7) Féadfar achomharc i gcoinne cinneadh maidir le hathúsáid faisnéise a thaisceadh leis an gCoimisinéir [Faisnéise] laistigh de 15 lá ó sheachadadh an chinnidh. Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh ar orduithe arna ndéanamh ag an gCoimisinéir [Faisnéise], ach féadfar imeachtaí cúirte riaracháin a thionscnamh os comhair an Visoki upravni sud [(an Chúirt Achomhairc Riaracháin, an Chróit)].

[...]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

10 Is cuideachta atá 100 % faoi úinéireacht Phoblacht na Cróite é HP, an soláthraí seirbhíse poist uilechoitinne sa Bhallstát sin. Tá gníomhaíochtaí tráchtála aige freisin.

11 Fuair HP iarraidh ar fhaisnéis maidir le, *inter alia*, conarthaí foirgníochta, deimhnithe íocaíochta eatramhaí agus dearbhuithe maidir le haistriú agus glacadh oibreacha.

12 Ós rud é gur dhiúltaigh HP don iarraidh sin, tugadh achomharc i gcoinne an chinnidh diúltaithe sin os comhair an Choimisinéara Faisnéise a d'ordaigh do HP an iarraidh sin a chomhlíonadh.

13 Thionscain HP caingean i gcoinne ordú an Choimisinéara Faisnéise agus tharchuir an Visoki upravni sud (an Chúirt Achomhairc Riaracháin) an cás ar ais chuig an gcomhlacht sin lena athbhreithniú ar an bhforas, amhail ar an dáta a d'eisigh an Coimisinéir Faisnéise an t-ordú, go raibh an teorainn ama chun Treoir 2019/1024 a thrasuí imithe in éag agus gur cheart scrúdú a dhéanamh ar an oibleagáid maidir le nochtadh a fhorchuireann an coimisinéir sin ar HP i bhfianaise na sainmhínithe agus na n-eisceachtaí nua dá bhforáiltear leis an Treoir sin.

14 Ag rialú ar an tarchur ar ais chuige, d'ordaigh an Coimisinéir Faisnéise arís do HP an fhaisnéis a iarradh a sholáthar.

15 Thug HP caingean i gcoinne an ordaithe sin os comhair an Visoki upravni sud (an Chúirt Achomhairc Riaracháin), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

16 Mar thaca lena chaingean, áitíonn HP, *inter alia*, go ndearnadh Treoir 2019/1024 a thrasuí go mícheart i ndlí na Cróite, sa mhéid nach bhfuil an raon feidhme céanna ag an gcoincheap 'údarás poiblí', de réir bhrí an Dlí maidir le rochtain ar fhaisnéis, agus atá ag an gcoincheap 'gnóthas poiblí' de réir bhrí Airteagal 2(3) den Treoir sin. Thairis sin, áitíonn sí go bhfuil feidhm ag an sainmhíniú ar an gcoincheap sin i dTreoir 2019/1024 maidir le hathúsáid faisnéise agus maidir leis an gceart rochtana ar fhaisnéis araon. Maíonn HP, ar deireadh, go bhfuil an fhaisnéis a ordaíodh dó a tháirgeadh nasctha lena ghníomhaíocht earnála agus gur rúin ghnó í.

17 Áitíonn an Coimisinéir Faisnéise, óna thaobh féin de, nach mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí le feidhmiú an chirt chun faisnéis a athúsáid, ach le feidhmiú an chirt chun rochtain a fháil ar fhaisnéis. Maítear inti go rialaítear le Treoir 2019/1024 sonraí oscailte agus athúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí, agus nach rialaítear léi an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis.

18 Measann an chúirt a rinne an tarchur, chun an díospóid atá os a comhair a réiteach, nach mór di a chinneadh an raibh sé de cheangal ar HP, sna príomhimeachtaí, faisnéis a nochtadh nach mbaineann go díreach le soláthar seirbhísí leasa ghinearálta, lena n-áireofaí, go háirithe, raon feidhme an choincheapa 'athúsáid' faisnéise a chinneadh, de réir bhrí Threoir 2019/1024.

19 Sna himthosca sin, chinn Visoki upravni sud (an Chúirt Achomhairc Riaracháin) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An bhfuil an téarma "athúsáid faisnéise" chun críocha Airteagal 2(11) de Threoir [2019/1024] le tuiscint mar rochtain ar aon fhaisnéis atá táirgthe nó ina seilbh ag comhlacht earnála poiblí/gnóthas poiblí, agus a iarrann úsáideoir (duine nádúrtha nó dlítheanach) ó chomhlacht earnála poiblí den chéad uair?

(2) An féidir iarraidh ar fhaisnéis atá táirgthe nó ina seilbh ag comhlacht earnála poiblí/gnóthas poiblí, agus a gineadh laistigh de raon feidhme a ghníomhaíochtaí nó i dtaca le heagrú agus le hobair an chomhlachta, a mheas mar iarraidh ar fhaisnéis a bhfuil feidhm ag forálacha na Treorach maidir léi, is é sin le rá, an bhfuil feidhm ag forálacha na Treorach sin maidir le gach iarraidh ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí?

(3) An bhfuil na heintitis faoi oibleagáid faisnéis a sholáthar, a liostaítear in Airteagal 2 den Treoir [2019/1024], na comhlachtaí earnála poiblí sin amháin a ndéantar iarrataí ar athúsáid faisnéise chucu, nó an mbaineann na sainmhínithe nua le gach comhlacht earnála poiblí agus leis an bhfaisnéis go léir atá i seilbh na gcomhlachtaí sin, is é sin le rá, an bhfuil oibleagáid ar na heintitis a liostaítear in Airteagal 2 den Treoir faisnéis a sholáthar atá táirgthe nó ina seilbh acu, nó an meastar nach bhfuil oibleagáid ar na heintitis a liostaítear in Airteagal 2 den Treoir faisnéis a sholáthar ach amháin i gcás ina n-athúsáidtear an fhaisnéis?

(4) An féidir na heisceachtaí ón oibleagáid faisnéis a chur ar fáil faoi Airteagal 1(2) den Treoir [2019/1024] a mheas mar eisceachtaí ar dá mbua a fhéadfaidh comhlachtaí earnála poiblí diúltú faisnéis arna táirgeadh nó atá ina seilbh acu a sholáthar, nó an eisceachtaí iad nach bhfuil feidhm acu ach amháin i gcás iarrataí a bheith curtha faoi bhráid chomhlachtaí na hearnála poiblí chun an fhaisnéis a athúsáid?'

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

20 Le hordú ó Uachtarán na Cúirte an 27 Iúil 2023, HP – Hrvatska pošta (C-336/23, EU:C:2023:617), diúltaíodh don iarraidh ón Visoki upravni sud (an Chúirt Achomhairc Riaracháin) go ndéanfaí an cás seo a chinneadh de bhun an nós imeachta brostaithe dá bhforáiltear in Airteagal 105 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

21 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, gur léir ón ordú tarchuir nár bhain an iarraidh is cúis leis an díospóid sna príomhimeachtaí, dá dtagraítear i mír 11 den bhreithiúnas seo, ach le rochtain ar dhoiciméid atá i seilbh comhlachta earnála poiblí, gan baint a bheith aici le hathúsáid na ndoiciméad sin.

22 Ar an dara dul síos, is léir ón ordú tarchuir sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, gurb é an dáta ábhartha chun an dlí is infheidhme *ratione temporis* maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí a chinneadh ná an dáta a ghlac an Coimisinéir Faisnéise an t-ordú lena n-ordaítear do HP an iarraidh sin a dheonú, dáta ar a raibh an teorainn ama chun Treoir 2019/1024 a thrasuí imithe in éag.

23 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair, go mbaineann na ceisteanna maidir le léiriú dhlí an Aontais arna dtarchur ag cúirt náisiúnta leis an gcomhthéacs reachtach agus fíorasach ar faoin gcúirt sin atá sé a shainiú, agus nach faoin gCúirt atá sé an cruinneas a fhíorú (breithiúnas an 27 Aibreán 2023, M.D. (Cosc ar theacht isteach san Ungáir), C-528/21, EU:C:2023:341, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Dá bhrí sin, trína ceisteanna, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Treoir 2019/1024 a léirmhíniú sa chaoi go dtagann iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid atá i seilbh comhlachta earnála poiblí faoina raon feidhme.

25 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar is léir ó Airteagal 1(1) de Threoir 2019/1024, arna léamh i bhfianaise aithrisí 9, 13 agus 70 di, go bhféachtar leis an Treoir sin le húsáid sonraí oscailte a chur chun cinn agus dálaí a chruthú a bheidh fabhrach d'fhorbairt, ar fud an Aontais agus laistigh de na Ballstáit, táirgí agus seirbhísí inneachair dhigitigh atá bunaithe ar dhoiciméid ón earnáil phoiblí d'fhonn dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú.

26 Chuige sin, bunaítear leis an Treoir sin sraith rialacha íosta lena rialaítear athúsáid doiciméad agus na socruithe praiticiúla chun athúsáid doiciméad atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí na mBallstát agus gnóthais phoiblí áirithe agus athúsáid sonraí taighde a éascú.

27 Faoi Airteagal 2(11) den Treoir sin, ciallaíonn 'athúsáid' doiciméad den sórt sin a bheith á n-úsáid ag daoine nó ag eintitis dhlítheanacha, chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála seachas chun na críche tosaigh laistigh den chúram poiblí, nó chun na críche tosaigh seirbhísí leasa ghinearálta a sholáthar, ar táirgeadh na doiciméid sin ina leith.

28 Cé go nglactar leis, le '[h]athúsáid', de réir bhrí Threoir 2019/1024, go bhfuil rochtain ar na doiciméid lena mbaineann, is amhlaidh fós gur dhá oibríocht iad atá leithleach go soiléir (féach, de réir analaí, breithiúnas an 27 Deireadh Fómhair 2011, an Coimisiún v an Pholainn, C-362/10, EU:C:2011:703, mír 54).

29 Rialaítear leis an Treoir sin, mar a luaitear in Airteagal 1(7) di, athúsáid doiciméad arb ann dóibh cheana atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí agus ghnóthais phoiblí na mBallstát, gan aon oibleagáid a leagan síos, áfach, maidir le rochtain ar dhoiciméid.

30 Go deimhin, i gcomhréir le hAirteagal 1(3) de Threoir 2019/1024, arna léamh i bhfianaise aithris 23 di, cuireann an Treoir sin le córais rochtana an Aontais agus na gcóras rochtana náisiúnta atá ann cheana agus tá sí gan dochar dóibh. Foráiltear le hAirteagal 1(2)(d) agus (f) den Treoir sin, ina theannta sin, nach mbeidh feidhm ag an Treoir sin maidir le doiciméid a bhfuil rochtain orthu eisiata nó srianta de bhua na gcóras rochtana sna Ballstáit.

31 Dá bhrí sin, ní chumhdaítear le Treoir 2019/1024 ceart rochtana ar dhoiciméid de chuid na hearnála poiblí, ach glactar leis gurb ann do cheart den sórt sin i ndlí na mBallstát nó i ndlí an Aontais, rud a fhágann nach dtagann na coinníollacha rochtana ar na doiciméid sin faoi raon feidhme na Treorach sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 14 Samhain 2018, NKMB, C-215/17, EU:C:2018:901, mír 32).

32 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear nach mór Treoir 2019/1024 a léirmhíniú sa chaoi nach dtagann iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid atá i seilbh comhlachta earnála poiblí faoina raon feidhme.

Costais

33 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Deichiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019, maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní thagann iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid atá i seilbh comhlachta earnála poiblí faoina raon feidhme.

[Sínithe]